Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2023

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

# Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

**[G9574]**

*G9574*

**TUESDAY 13 JUNE, AFTERNOON**
**DÉ MÁIRT 13 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 bomaite.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathnaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Tá **60** marc ar fad ag dul don pháipéar seo.
Léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Gheobhaidh tú iatán sa pháipéar seo atá le húsáid le **ceist 2(a) agus (b)**.
Ná scríobh do fhreagraí san iatán seo.

13714

1 **Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas.**

**Ganntanas Múinteoirí Gaeilge**

Drochphleanáil na Roinne Oideachais is cúis leis an ghanntanas múinteoirí Gaeilge, dar le duine de na príomhoidí scoile is aitheanta in Éirinn, an tráchtaire peile Colm O'Rourke. Agus é faoi agallamh le *Tuairisc.ie*, dúirt an t-iarpheileadóir go bhfuil géarchéim ann maidir le soláthar múinteoirí Gaeilge. Mhol O'Rourke chomh maith go mbeadh ar na mic léinn uilig atá ag gabháil don mhúinteoireacht dara leibhéal bliain iomlán dá gcúrsa a chaitheamh sa Ghaeltacht más fúthu a bheith ina múinteoirí Gaeilge.

Dúirt O'Rourke le *Tuairisc.ie* go mbeadh folúntas do mhúinteoir Gaeilge ina scoil féin nuair a d'imeodh múinteoir ar shaoire mháithreachais an mhí seo chugainn, ach go bhfuil ag teip air teacht ar mhúinteoir Gaeilge a thiocfadh ina háit. "Níl aon mhúinteoirí Gaeilge ann. Is amhlaidh an scéal i ngach scoil, de réir cosúlachta, agus sin an scéal a bhíonn ar bhéal gach príomhoide nuair a chasaim leo ag cruinnithe. Ní féidir leo teacht ar ionadaithe, ar mhúinteoirí lánaimseartha Gaeilge. Níl duine ar bith ann le Gaeilge a mhúineadh. Tá fógra déanta trí huaire agam cheana féin don fholúntas i mo scoil féin agus ní bhfuair mé oiread is freagra amháin ar na fógraí sin. Is léir nach bhfuil na múinteoirí ann," a dúirt O'Rourke.

Dúirt sé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal nach bhfuil "aon phleanáil cheart" ar bun ag an Roinn Oideachais le dul i ngleic leis an ghanntanas múinteoirí Gaeilge, agus gur "in olcas" atá an scéal ag dul. Mhaígh sé gur cheart go mbeadh na húdaráis in ann an fhadhb seo a fheiceáil agus rud éigin a dhéanamh faoin easpa.

"Tá an mháistreacht san oideachas atá molta costasach. Chuirfeadh an costas sin agus an dá bhliain eile staidéir bac ar dhuine tabhairt faoin mhúinteoireacht. Déarfadh duine óg leis féin, 'Cén fáth a gcaithfinn dhá bhliain eile ag plé leis an ardoideachas nuair a d'fhéadfainn a bheith ag obair áit éigin eile?' Anuas air sin, na daoine a thugann faoi na cúrsaí, bíonn an t-airgead go dona acu nuair a fhaigheann siad jab múinteoireachta," a dúirt sé. Dúirt sé fosta go bhféadfadh sé tarlú gurb é an toradh a bheadh ar "neamhaird agus easpa pleanála" an rialtais go mbeifí in ann a mhaíomh amach anseo gur ghá ábhar roghnach a dhéanamh den Ghaeilge cheal múinteoirí.

Is léir do gach duine go bhfuil ganntanas ann. Caithfidh go bhfuil sé tugtha faoi deara ag an Roinn féin, ach tá an chosúlacht ar an scéal nach bhfuil aon rud beartaithe acu le dul i ngleic leis," a dúirt sé. Dúirt sé fosta gur measa an scéal anois ó ardaíodh an riachtanas Gaeilge chun áit a fháil i gcoláistí oiliúna múinteoirí. Bheadh sé i bhfabhar an riachtanas sin a laghdú ach tabhairt ar an uile ábhar oide bliain iomlán den chúrsa a chaitheamh sa Ghaeltacht. "Leigheas a bheadh ansin ar an fhadhb uilig. Chinnteodh sé go mbeadh labhairt agus scríobh na Gaeilge acu. Mealladh agus ní díbirt atá ag teastáil. Scaoil isteach iad, cuir go dtí an Ghaeltacht iad ar feadh bliana agus déan cinnte de go bhfuil siad in ann í a mhúineadh.

"Caithfear daoine a mhealladh chun Gaeilge a dhéanamh sa choláiste agus le tabhairt faoin mháistreacht ghairmiúil san oideachas. Ach caithfimid níos mó a dhéanamh chun an teanga a chur chun cinn i gcoitinne, nach gcaithfidh?" a dúirt sé.

*Foinse: © Reading Comprehension 03 – 'There are no Irish language teachers available and the Department has no plans' – Colm O'Rourke – Tuairisc.ie 10 Eanáir 2018*

**[Tiontaigh an leathanach**

**(a)** Ag úsáid an eolais sa tsliocht, aimsigh fianaise a chuireann in iúl go bhfuil fadhb ann maidir le ganntanas múinteoirí Gaeilge.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

3. ______________________________ [1]

4. ______________________________ [1]

5. ______________________________ [1]

**(b)** Leis an eolas sa tsliocht, mínigh dóigheanna ar léirigh an t-údar cé chomh holc is atá cúrsaí maidir le múinteoirí Gaeilge.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

2. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

13714

*20G957406*

**(c)** Mínigh trí dhóigh a léiríonn an t-údar costas mar chonstaic.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________ [2]

2. ______________________________ [2]

3. ______________________________ [2]

**(d)** Aimsigh ceithre dhóigh atá le léamh sa tsliocht a chuireann réiteach na faidhbe in iúl.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________ [2]

2. ______________________________ [2]

3. ______________________________ [2]

4. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [2]

**2 Úsáid an t-iatán, "Gan díon gan dídean", chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.**

**(a)** Scríobhadh an t-alt le daoine a chur ar an eolas faoin chineál saoil atá ag daoine gan dídean sa tír seo. Léirigh tagairtí atá le feiceáil san iatán – focail, frásaí nó abairtí – a thaispeánann dearcadh an údair ar an rialtas.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

**(i)** ________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [4]

Aimsigh tionchar an údair sa téacs a léiríonn a bharúil maidir le réiteach na faidhbe seo.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

**(ii)** ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ [4]

**(b)** Úsáid an t-iatán, “Gan díon gan dídean”, chun an cheist a leanas a fhreagairt.

Scríobh alt a chuireann síos ar an dóigh a mbaineann údar an tsleachta úsáid as teanga le dul i bhfeidhm ort agus tú a chur ar an eolas faoin chineál cruatain a fhulaingíonn daoine gan dídean sa tír seo.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

[15]

[Tiontaigh an leathanach

**3 Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla.**

“Aoibhinn beatha an scoláire.” “Ní féidir ceann críonna a chur ar cholainn óg.” “Mol an óige agus tiocfaidh sí.” Ní fhéadfadh aon duine a shéanadh ach go bhfuil an Ghaeilge breac le seanfhocail agus nathanna cainte faoin óige. Cuid acu moltach agus cuid acu cáinteach.

An t-aon rud atá fíor ná go raibh gach duine óg uair amháin agus gur cuid den tsaol é daoine a bheith ag gearán faoin dream óg atá ag teacht aníos ina ndiaidh. In aon tréimhse faoi leith, áfach, is iad na daoine óga amháin a thuigeann na dúshláin agus na féidearthachtaí atá ann dóibh.

Dar liom go gcuireann córas oideachais an lae inniu an iomarca brú ar scoláirí agus dar liom go mbréagnaíonn sé an seanfhocal thuas faoi shaol aoibhinn an scoláire. Tá brú dochreidte ag baint le scrúduithe.

Aithnítear go forleathan nach dtugann an córas seo cothrom na Féinne do dhaoine óga ach is gothaí móra agus buillí beaga atá againn ó na húdaráis. Uaireanta samhlaím nach oideachas atá ann ar chor ar bith ach comórtas diancheachtanna.

Tá an ghlúin óg atá ag éirí aníos anois báite i saol na teicneolaíochta. Gach rud ó Facebook agus Snapchat go YouTube, Twitter agus Instagram. Gan amhras tá féidearthachtaí iontacha ag baint leis an teicneolaíocht seo ar fad, ach tá míbhuntáistí ag baint léi.

D’fhéadfá uaireanta an chloig in aghaidh an lae a chaitheamh ag uasdátú, ag seiceáil, ag cuardach, ag giolcaireacht agus ag postáil. É sin ar fad gan trácht ar an chibearbhulaíocht. Is bagairt í sin don tsochaí go ginearálta, ach is daoine óga is mó a bhíonn thíos léi.

*Foinse: Scríbhneoireacht Chruthaitheach 05 – “Saol na ndaoine óga inniu” (Cartlann), 20 March 2017 © Tuairisc.ie*

13714

*20G957414*

[10]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**



*20G957418*

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Ceist | Marcanna |
| 1(a) | |
| 1(b) | |
| 1(c) | |
| 1(d) | |
| 2(a) | |
| 2(b) | |
| 3 | |

| Iomlán na marcanna | |
|---|---|

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2023

# Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

**[G9574]**
**TUESDAY 13 JUNE, AFTERNOON**
**DÉ MÁIRT 13 MEITHEAMH, IARNÓIN**

# IATÁN

**Le húsáid le ceist 2.**
**Ná scríobh do fhreagraí san iatán.**

## Gan díon gan dídean





















*Source: © Getty Images*

## 2. Gan díon gan dídean

Tá neart plé déanta ar fhadhb na tithíochta atá againn sa tír seo. Is cinnte gur sciúirse leanúnach é dúinn mar phobal. Is drochléargas é ar rialtas na tíre go bhfuil daoine inár measc nach bhfuil díon os a gcionn. Chomh maith leis sin, tá méadú mór tagtha ar líon na ndaoine atá i dtuilleamaí na déirce nó atá gan dídean sa tír seo. Feictear daoine ag lorg déirce ar thaobh na sráide agus cuma na hainnise is na bochtaineachta orthu. Bíonn ar chuid mhór de na daoine sin dul a chodladh i bpóirsí agus faoi bhrat cairtchláir i rith na hoíche. Is truamhéalach an radharc é.

Má éistear leis an nuacht go rialta, cluintear an fhírinne shearbh agus an réaltacht fhuar. Bíonn na meáin lán le tuairiscí faoi chruachás na ndídeanaithe, gan trácht ar na híomhánna a théann leo. Níl aon amhras ach gur scéal náireach é seo agus gur drochléiriú é ar rialtais go dtarlaíonn a leithéid san aois seo. Tá cuid acu beo bocht ar fad, ag maireachtáil ón lámh go dtí an béal. Níl airgead ná teach acu. Ní bhíonn aon phríobháideachas acu agus níl áit shábháilte acu. Cuireann an t-ocras agus an fuacht isteach go mór orthu. Bíonn cuid acu i bhfiacha móra agus ní bhíonn ar a gcumas cíos ná morgáistí a íoc ná billí a ghlanadh.

Tá eagraíochtaí éagsúla carthanachta ag iarraidh dul i ngleic le cruachás na ndaoine gan dídean, ag cuidiú leis na cásanna is déine sa ghearrthéarma chomh maith le réiteach fadtéarmach a fháil ar an easpa dídine. Bíonn Clann Shíomóin agus Cumann Naomh Uinseann de Pól i mbun feachtais. Déanann na heagraíochtaí sin obair phraiticiúil. Dáileann siad bia ar dhaoine agus cuireann siad lóistín sealadach ar fáil.

Is iomaí cúis a bhaineann le daoine a bheith gan dídean. Ní réitíonn cuid acu lena muintir, teipeann ar chleamhnas nó ar phósadh, seans go mbíonn foréigean ann. Cailltear post agus bíonn fadhbanna airgid ann dá bharr. Uaireanta bíonn meabhairghalar ar dhaoine, agus titeann an saol as a chéile cheal seirbhísí a chuideodh leo. Bíonn fadhbanna drugaí nó alcóil ag cuid de na daoine seo. Creidtear gur andúiligh iad ach níl a fhios againn cén cineál cruatain atá fulaingthe ag na daoine a fheiceann muid ina suí ar leac dorais nó cad é a tharla i saol an duine a chuir ar an tsráid é. Bíonn féinmhuinín agus féinmheas an-íseal ag dídeanaithe, agus is minic a chasann siad ar na drugaí le faoiseamh a fháil ó chruatan agus ó bhuaireamh an tsaoil. Ní andúileach é gach duine gan dídean.

Sa deireadh thiar thall, is fíor le rá nach mbeidh sé éasca teacht ar réiteach na faidhbe seo. Gan dabht tuigeann muid go bhfuil a lán infheistíochta fós le déanamh ag an rialtas chun tithe nua agus árasáin a chur ar fáil do dhaoine atá fós ina gcónaí ar ár sráideanna. Ba cheart go gcuirfí airgead agus acmhainní ar fáil chun dídean éigeandála a sholáthar. Caithfear deireadh go deo a chur le brú na ndaoine is leochailí inár measc go himeall na sochaí.

*Foinse: © Tuairisc and © COGG*

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.